Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Márta 2017
(OR. en)

7495/17

ECOFIN 223
ENV 276
CLIMA 67
FIN 205

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Tuarascáil Speisialta Uimh 31 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: 'Euro amháin ar a laghad as gach cúig euro ón mbuiséad AE a chaitheamh ar ghníomhú ar son na haeráide: obair uaillmhianach ar siúl, ach riosca tromchúiseach ann go loicfí ar an gcuspóir' - Conclúidí ón gComhairle (21 Márta 2017)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle maidir le tuarascáil speisialta Uimh. 31 (ó 2016) ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, a ghlac an Chomhairle (ECOFIN) ag an 3527ú cruinniú dá cuid a tionóladh ar an 21 Márta 2017.

IARSCRÍBHINN

Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 31 (ó 2016) ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *'Euro amháin ar a laghad as gach cúig euro ón mbuiséad AE a chaitheamh ar ghníomhú ar son na haeráide: obair uaillmhianach ar siúl, ach riosca tromchúiseach ann go loicfí ar an gcuspóir'*

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

1. Ag féachaint di don 21ú Comhdháil Páirtithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (UNFCCC, Páras, an 30 Samhain go dtí an 12 Nollaig 2015), áit ar chomhaontaigh na Páirtithe go ndéanfaidís an fhreagairt dhomhanda ar an mbagairt ón athrú aeráide a neartú ('*Comhaontú Pháras*')[1];

2. Ós rud é go bhféachtar le Comhaontú Pháras leis an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, agus iarrachtaí a dhéanamh é a choimeád ar a laghad 1.5°C faoi bhun na leibhéal sin. Chun an sprioc sin a bhaint amach, déanfaidh na Páirtithe rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta a ullmhú, a chur in iúl agus a choimeád don fhreagairt dhomhanda ar athrú aeráide;

3. Ag aithint di an straitéis Eoraip 2020, lena leagtar amach spriocanna le haghaidh ghníomhú ar son na haeráide agus fuinnimh in 2020 chun go mbeidh astaíochtaí gás ceaptha teasa 20% níos ísle ná na leibhéil a bhí ann in 1990; Ba cheart go dtiocfadh 20% d'fhuinneamh ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh agus ba cheart méadú 20% ar éifeachtúlacht fuinnimh a bheith déanta faoin am sin[2];

4. Ag tabhairt dá haire gurb éard atá i rannchuidiú an Aontais, arna chinneadh ar an mbonn náisiúnta, sprioc cheangailteach chun laghdú 40% ar a laghad ar astaíochtaí intíre gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030 i gcomparáid le 1990. Agus é á chur i dtreis aici freisin gur cheart go dtiocfadh ar a laghad 27% den fhuinneamh a úsáidtear in AE ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030, agus go bhfuil sprioc tháscach leagtha síos ar leibhéal AE chun feabhas de 27% ar a laghad a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh faoin mbliain sin[3];

---

1 FCCC/CP/2015/L.9.
2 Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 11-12 Nollaig 2008 - 17271/1/08 REV1
3 Conclúidí ón gComhairle Eorpach, 23-24 Feabhra 2014 - EUCO 169/14.

5. Ag aithint di, i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún[4] agus na Conclúidí ón gComhairle Eorpach[5] maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020 (CAI), go ndearna an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit a ndícheall gníomhnú ar son na haeráide a chomhtháthú sa bhuiséad AE ar fad, lena n-áirítear trí dhíriú ar chaiteachas a bhaineann leis an aeráid a mhéadú go 20 % ar a laghad de CAI 2014-2020, lena n-áirítear cúnamh Eorpach don fhorbairt i gcás na n-áiteanna is boichte ar domhain;

6. Ag tabhairt dá haire gur chuir an Coimisiún a theachtaireacht faoi bhráid na Comhairle[6] lena ndéantar breithniú ar an dul chun cinn i dtreo an sprioc a bhaint amach maidir le príomhshruthú na haeráide i gcomhthéacs an athbhreithnithe/leasaithe mheántéarma[7] ar CAI, agus gur dhíol imní do Pharlaimint na hEorpa nár baineadh amach fós an cuspóir go gcaithfí ar a laghad 20% den bhuiséad AE (faoi CAI reatha) ar ghníomhú ar son na haeráide[8];

7. Ag aithint di go bhfuil an mhodheolaíocht rianaithe ECFE le haghaidh cúnamh seachtrach ('marcóirí Rio')[9] curtha in oiriúint ag an gCoimisiún do chomhthéacs sonrach chaiteachas bhuiséad AE chun sonraí cainníochtúla airgeadais a chur ar fáil;

---

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún: 'Buiséad don Eoraip 2020' (12475/11).

5 Conclúidí ón gComhairle Eorpach, 7-8 Feabhra 2013 - EUCO 37/13. (*'An bealach is fearr chun cuspóirí i réimsí beartais áirithe a bhaint amach, braitheann sé ar phríomhshruthú na dtosaíochtaí amhail cosaint an chomhshaoil faoi éagsúlacht ionstraimí i réimsí beartais eile. Beidh cuspóirí maidir le gníomhaíocht i ndáil leis an aeráid comhionann le 20% de chaiteachas an AE sa tréimhse 2014-2020 agus, mar sin, léireofar iad sna hionstraimí cuí […]*').

6 Comhairle Gnóthaí Ginearálta an 20 Meán Fómhair 2016.

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún: 'An t-athbhreithniú/an leasú meántéarmach ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020: Buiséad AE atá dírithe ar thorthaí' (12183/16 + COR 1).

8 6 Iúil 2016 - P8_TA(2016)0309.

9 ECFE: DCD/DAC(2016)3/ADD2/FINAL.

8. Is díol sásaimh di Saintuarascáil uimh. 31/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: 'Euro amháin ar a laghad as gach cúig euro ón mbuiséad AE a chaitheamh ar ghníomhú ar son na haeráide: obair uaillmhianach ar siúl, ach riosca tromchúiseach ann go loicfí ar an gcuspóir'[10], tuarascáil ina ndéantar measúnú luachmhar ar a mhéid a chuireann CAI 2014-2020 le gealltanas an Aontais don chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus lena gcuirtear moltaí ábhartha le haghaidh tuilleadh feabhsaithe chun cinn;

9. Is díol sásaimh di freisin an freagra a thug an Coimisiún ar na moltaí ón gCúirt, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí leantacha atá beartaithe ag an gCoimisiún, agus é á chur i dtreis aici nach bhféadfar athbhreithniú suntasach a dhéanamh ar na cláir chaiteachais faoi CAI atá ann faoi láthair;

10. Tugann sí dá haire go bhfuil a ghealltanas curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún ó thús CAI 2014-2020 gníomhú ar son na haeráide a chur chun feidhme sa bhuiséad AE;

11. Dearbhaíonn sí go bhfuil an Chomhairle agus na Ballstáit tiomanta don sprioc 20 % a bhaint amach agus measann sí gur díol mór misnigh an réamhfhaisnéis mheánchaiteachais don tréimhse 2014-2020 de thart ar 19 % den bhuiséad AE[11], ach aithníonn sí go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí seachas gnó mar is gnách. Cuireann sí i bhfios go láidir nach bhfuil i sprioc maidir le caiteachas buiséid ach cuid amháin den chleachtas buiséid a bhfuil gá leis chun an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní buiséid atá gann;

12. Cuireann sí i dtreis gur cur chuige éifeachtach atá ann, chun cuspóirí AE maidir leis an aeráid a bhaint amach, an gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú i réimse ionstraimí i réimsí ábhartha beartais, rud atá i gcomhréir freisin le cur chuige an Choimisiúin go mbeadh Buiséad atá Dírithe ar Thorthaí[12] ann chun a áirithiú go bhfreastalaíonn caiteachas buiséid AE ar roinnt cuspóirí AE ag an am céanna;

---

10 http://www.eca.europa.eu/en/Pages/DocItem.aspx?did=39853
11 Féach fonóta 7
12 http://ec.europa.eu/budget/budget4results/index_en.cfm

13. Cuireann sí i bhfios go láidir go ndéantar an gníomhú ar son na haeráide a chomtháthú níos mó agus níos mó leis na mórbheartais AE uile, amhail comhbheartas talmhaíochta AE, an beartas comhtháthaithe, clár taighde agus nuálaíochta an Aontais (Fís 2020), an ionstraim bonneagar (an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa), Clár AE don Chomhshaol agus do Ghníomhaíocht ar son na hAeráide (an clár LIFE), agus gníomh seachtrach AE (go háirithe lena bheartas forbartha);

14. Áitíonn sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit réimsí a shainaithint i gcláir chaiteachais ina bhfuil acmhainneacht neamhshaothraithe agus machnamh a dhéanamh ar dheiseanna agus ar ghníomhú chun ábharthacht na haeráide chomh maith le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht sna réimsí sin a mhéadú. Spreagann sí an Coimisiún agus na Ballstáit leas a bhaint as maoiniú príobháideach don aeráid trí chistí poiblí a ghiaráil;

15. Maidir leis an modheolaíocht chomchoiteann rianaithe a bhunaigh an Coimisiún[13] le haghaidh caiteachas a bhaineann leis an aeráid, atá bunaithe ar 'mharcóirí Rio' ECFE, cuireann sí i dtreis gur modheolaíocht oiriúnach í ach gur cheart í a fheabhsú tuilleadh chun faisnéis ábhartha chuí-réasúnaithe a chur ar fáil le haghaidh cinntí beartais, chun comhsheasmhacht na modheolaíochta ar fud na gclár caiteachais a fheabhsú, lena gcuirfear obair ECFE san áireamh, chun teorainn a chur leis an mbaol ar rómheastachán, agus chun machnamh a dhéanamh ar idirdhealú a dhéanamh idir bearta maolaithe agus oiriúnaithe nuair a dhéanfar athbhreithniú ar an modheolaíocht, gan ualach róthrom riaracháin a chur ar na riaracháin náisiúnta ná ar an gCoimisiún;

16. Leagann sí béim arís ar an ngá atá le feabhas a chur ar chomhchuibheas táscairí maidir le tionchar agus torthaí na gclár ó thaobh an athraithe aeráide de, chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht bhuiséad AE ó thaobh na haeráide de;

---

[13] Comhéifeachtaí aeráide AE: 100% (rannchuidiú suntasach), 40% (rannchuidiú measartha), 0% (rannchuidiú ar bith), e.g. Rialachán cur chun feidhme 215/2014 ón gCoimisiún an 7 Márta 2014

17. Cuireann sí i bhfios go láidir arís gur gné thábhachtach in ionstraimí airgeadais AE é an príomhshruthú aeráide; sa chomhthéacs sin meabhraíonn sí, i ndáil leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gCiste Eorpach d'Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS)[14] a shíneadh, go bhfuil moladh sa togra sin ar a laghad 40% den mhaoiniú CEIS a dhíriú faoin ionú bonneagair agus nuálaíochta ar ghníomhú ar son na haeráide;

18. Dá bhrí sin, iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, obair leantach a dhéanamh, *inter alia*, ar na moltaí ábhartha sa Tuarascáil Speisialta thuasluaite, gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú tuilleadh i gcláir chaiteachais AE, lena bhféachfar le sciar níos airde den bhuiséad AE a chaitheamh ar ghníomhú ar son na haeráide le linn na tréimhse atá fágtha de CAI 2014-2020. Iarrann sí ar an gCoimisiún na chéad chéimeanna eile i ndáil le gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú leis an mbuiséad AE tráth a leagfaidh sé amach an togra ón gCoimisiún don chéad chreat airgeadais eile[15].

---

14 12201/16 + ADD1 (COM(2016) 597 final) - Ar an 6 Nollaig 2016, ghlac an Chomhairle a Cur Chuige Ginearálta (14981) maidir leis an Togra ón gCoimisiún, agus í ag feitheamh ar an tuairim ar an gcéad léamh ó Pharlaimint na hEorpa.

15 Féach Rialachán Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020, Airteagal 25